V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11094 – CD&R / STONE POINT / FOCUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 187/07)

1. An 22 Bealtaine 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Clayton, Dubilier & Rice Fund XII, L.P., faoi bhainistiú Clayton, Dubilier & Rice, LLC ('CD&R', na Stáit Aontaithe),

— Trident IX, L.P., faoi bhainistiú Stone Point Capital LLC ('Stone Point', na Stáit Aontaithe),

— Focus Financial Partners Inc. ('Focus', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh CD&R agus Stone Point comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Focus ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa infheistíochta i gcothromas príobháideach é CD&R, grúpa a thionscnaíonn agus a chuireann struchtúr ar cheannaigh thar barr amach ag an mbainistíocht, infheistíochtaí cothromais mionlaigh straitéiseacha agus infheistíochtaí straitéiseacha eile, agus a ghníomhaíonn go minic mar phríomhinfheisteoir cothromais iontu,

— Is gnólacht infheistíochta é Stone Point, a dhíríonn ar infheistíochtaí i gcuideachtaí san earnáil dhomhanda seirbhísí airgeadais agus in earnálacha gaolmhara,

— Is comhpháirtíocht gnólachtaí bainistithe rachmais muiníneacha neamhspleácha é Focus. Soláthraíonn Focus rochtain ar dhea-chleachtais, acmhainní agus pleanáil leanúnachais dá ghnólachtaí comhpháirtíochta a fhreastalaíonn ar dhaoine aonair, teaghlaigh, fostóirí agus institiúidí a bhfuil seirbhísí bainistithe rachmais cuimsitheacha acu.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11094 – CD&R / STONE POINT / FOCUS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË